AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.4.2021
COM(2021) 181 final

2021/0097 (CNS)

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, i leith bearta Aontais atá ar mhaithe le leas an phobail

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é aidhm an tionscnaimh seo tacú le bearta arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais ar mhaithe le leas an phobail agus na bearta sin a éascú, go háirithe i gcás ina bhfuil an tAontas ag gníomhú chun comhlíonadh a dhéanamh ar shainordú chun earraí agus seirbhísí a fháil lena ndáileadh saor in aisce ar na Ballstáit de réir na riachtanas éigeandála atá acu. I measc nithe eile, tá na bearta sin dírithe ar éigeandálaí a chosc agus ar ullmhú nó freagairt d'éigeandálaí i gcomhthéacs géarchéimeanna agus tubaistí atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo. Leis an tionscnamh, tacaítear leis na bearta sin trí dheireadh a chur le cáin bhreisluacha (CBL) mar fhachtóir costais agus leis an ualach gaolmhar comhlíonta. Rud ba shonraí fós, foráiltear leis an togra seo do dhíolúine ó CBL le haghaidh earraí nó seirbhísí arna soláthar don Choimisiún nó do ghníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh nó le haghaidh earraí arna n-allmhairiú ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais i gcás ina bhfaigheann an Coimisiún nó aon ghníomhaireacht nó comhlacht den sórt sin na hearraí nó na seirbhísí sin le linn dóibh sainordú arna thabhairt dóibh le dlí an Aontais a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail.

Go pointe ar leith, léiríonn paindéim COVID-19 atá ar siúl faoi láthair an tábhacht a bhaineann le bheith dea-ullmhaithe agus le bheith in ann freagairt go tapa, bunaithe ar chur chuige struchtúrtha, comhleanúnach agus láraithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Baineann an chonclúid sin freisin le cásanna eile atá ann faoi láthair agus a bheidh amach anseo agus ar ina leith a theastaíonn agus a theastóidh gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, trí leas a bhaint as an taithí a gnóthaíodh ó phaindéim COVID-19 a láimhseáil, is é aidhm an tionscnaimh seo réiteach atá leathan agus a sheasfaidh an aimsir a sholáthar don Aontas Eorpach. Is é an cuspóir atá leis forálacha CBL an Aontais Eorpaigh a ailíniú lena chéile, mar shampla i leith beart i réimse na bainistíochta tubaiste agus géarchéime, agus, ar an mbealach sin, gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin, de chuid ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh nó de chuid chomhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh a éascú le linn dóibh aon sainordú arna thabhairt dóibh le dlí an Aontais a chomhlíonadh.

Bunaithe ar an taithí a gnóthaíodh le linn don Choimisiún bearta éigeandála a dhéanamh le linn phaindéim COVID-19, is fachtóir costais ar deireadh in oibríochtaí soláthair é CBL a ghearrtar ar idirbhearta áirithe agus is fachtóir é a chuireann brú ar bhuiséid theoranta. Laghdaíonn na méideanna CBL sin an méid earraí agus seirbhísí ar féidir leis an gCoimisiún iad a sholáthar lena stoc-charnadh nó lena ndáileadh láithreach ar na Ballstáit agus, an tráth céanna, cuireann siad leis an gcastacht lena mbaineann agus moillíonn siad oibríochtaí atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha. Ina theannta sin, leagann costais chomhlíonta ualach ar ghnólachtaí a bhíonn ag soláthar earraí agus seirbhísí don Aontas, go háirithe a mhéid a bhaineann lena gclárú le húdaráis chánach i ngach Ballstát nó i gcuid mhór díobh.

Dá bhrí sin, tá géarghá ann le gníomhaíocht láithreach a dhéanamh a mhéid a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh phaindéim reatha COVID-19 agus chun go mbeifear réidh le gníomhú d'fhonn bearta inchomparáide a dhéanamh amach anseo ar leibhéal an Aontais ar mhaithe le leas an phobail. Chun na críche sin, ba cheart díolúine leathan ó CBL a thabhairt isteach le haghaidh ceannacháin arna ndéanamh ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh chun earraí nó seirbhísí a dheonú nó a sholáthar ar shlí eile do na Ballstáit nó do thríú páirtithe nó chun earraí nó seirbhísí a stoc-charnadh toisc

go bhfuil sé sin ina réiteach iomchuí a theastaíonn chun comhordú na mbeart ar leibhéal an Aontais a éascú.

Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 agus chun réiteach a sheasfaidh an aimsir a sholáthar, tá raon feidhme an togra seo leathan agus cumhdaítear gach cineál earraí agus seirbhísí leis. A mhéid a bhaineann le hearraí, mar shampla, bheadh feidhm ag an togra maidir le frithbhearta leighis de gach cineál amhail táirgí bitheolaíocha[1], drugaí agus cógais leighis[2] agus feistí leighis[3]. Chumhdófaí leis an togra freisin míreanna nach míreanna leighis iad a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna daonnúla[4]. Cumhdaítear leis an togra seo freisin raon leathan seirbhísí a bhfuil nasc acu leis an earnáil sláinte agus raon leathan seirbhísí nach bhfuil aon nasc acu leis an earnáil sláinte araon[5].

Is é an cuspóir incháilithe ar lena aghaidh a bhaineann an Coimisiún nó gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh úsáid as na hearraí agus na seirbhísí sin aon ghníomhaíocht a dhéantar chun sainordú a chomhlíonadh, arna thabhairt dóibh faoi dhlí an Aontais agus atá ar mhaithe le leas an phobail. Féadfar a bheartú, mar shampla, na hearraí nó na seirbhísí arna bhfáil a chur ar fáil saor in aisce do na Ballstáit nó do thríú páirtí[6]. D'fhéadfaidís a bheith ina gcuid de straitéis stoc-charntha d'fhonn iad a dheonú amach anseo freisin.

I bhfianaise phaindéim COVID-19, rinne an Coimisiún bearta eisceachtúla i réimse CBL chun cabhrú le daoine atá buailte ag an ráig. An 3 Aibreán 2020, ghlac an Coimisiún Cinneadh (AE) 2020/491[7], lena gcuirtear ar chumas na mBallstát earraí a bhfuil géarghá leo chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí ráig COVID-19 (lena gcumhdaítear, i measc trealamh cosanta pearsanta eile, feistí leighis diagnóiseacha in vitro, feistí leighis ar nós aerálaithe, agus líon teoranta cógas leighis[8]) a dhíolmhú go sealadach ó CBL (agus faoiseamh a thabhairt dóibh ó dhleachtanna custaim).

Ní chumhdaítear leis an gcinneadh sin ach an t-allmhairiú, agus ní chumhdaítear leis soláthairtí laistigh den Chomhphobal ná soláthairtí náisiúnta, toisc go bhfuil cumhachtaí neamhspleácha an Choimisiúin teoranta don réimse ar leith sin. Bhí feidhm ag an mbeart tosaigh ar feadh tréimhse sé mhí, agus cuireadh síneadh leis go dtí an

---

1 Amhail vacsaíní, táirgí fola nó antasubstaintí.

2 Amhail ábhair fhrithmhiocróbacha agus antaibheathaigh, frithnimheanna in aghaidh bagairtí ceimiceacha, cóireálacha le haghaidh díobháil radaíochta, antatocsainí, táibléid iaidín le haghaidh timpistí núicléacha.

3 Amhail tástálacha diagnóiseacha agus ábhair thástála, trealamh saotharlainne, trealamh cosanta pearsanta amhail lámhainní, análaitheoirí/maisc, gúnaí, táirgí dífhabhtaithe agus trealamh dífhabhtaithe.

4 Amhail pubaill, leapacha campa, éadaí agus bia; trealamh cuardaigh agus tarrthála le haghaidh réigiúin chreatha talún; málaí gainimh, seaicéid tarrthála agus báid inséidte le haghaidh réigiúin tuile; feistí tomhais radaíochta le haghaidh timpistí núicléacha.

5 Amhail forbairt, táirgeadh agus soláthar táirgí riachtanacha; gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta; gníomhaíochtaí soláthair chomhpháirtigh; stoc-charnadh straitéiseach táirgí; ceadúnais chógaisíochta; úsáid táirgí teiripeacha; óstáil othar; malartú gairmithe leighis nó saineolaithe eile; soláthar saoráidí coraintín; trialacha cliniciúla; bailíochtú eolaíoch táirgí leighis; dífhabhtú áitreabh.

6 Amhail ospidéal, údarás náisiúnta sláinte nó údarás náisiúnta freagartha do thubaistí nó cuideachta phríobháideach atá i gceannas ar an bhfreagairt do thubaistí.

7 Cinneadh (AE) 2020/491 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2020 maidir le faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí agus díolúine ó CBL ar allmhairiú arna ndeonú le haghaidh earraí is gá chun éifeachtaí ráig COVID-19 a chomhrac le linn 2020 (IO L 103 I, 3.4.2020, lch. 1).

8 Féach liosta táscach na n-earraí a chumhdaítear ar https://ec.europa.eu/taxation_customs/sites/taxation/files/03-04-2020-import-duties-vat-exemptions-on-importation-covid-19-list-of-goods.pdf

31 Deireadh Fómhair 2020[9] agus go dtí an 30 Aibreán 2021[10]. Tá síneadh eile á ullmhú faoi láthair.

An 7 Nollaig 2020[11], ghlac an Chomhairle togra ón gCoimisiún[12] lena dtugtar isteach leasú ar Threoir 2006/112/CE ón gComhairle[13] (Treoir CBL) agus lena gceadaítear do na Ballstáit ráta laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm i leith sholáthar fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro* COVID-19 agus seirbhísí a bhfuil dlúthnasc acu leis na feistí sin. Ina theannta sin, ceadaítear do na Ballstáit díolúine lena ngabhann in-asbhainteacht CBL arna íoc ag an gcéim roimhe sin a dheonú i ndáil le soláthar na bhfeistí sin agus seirbhísí a bhfuil dlúthnasc acu leis na feistí sin agus i ndáil le soláthar vacsaíní COVID-19 agus seirbhísí a bhfuil dlúthnasc acu leis na vacsaíní sin.

Soláthraíodh leis na bearta sin réitigh ghasta, éifeachtúla agus spriocdhírithe ar riachtanais phráinneacha a tháinig chun cinn le linn phaindéim COVID-19. Mar sin féin, tá raon feidhme na mbeart sin an-teoranta ó thaobh cur i bhfeidhm de agus tá siad sealadach de réir a gcineáil agus níor roghnaigh na Ballstáit uile rátaí nialasacha a chur i bhfeidhm i gcás inar cuireadh an rogha sin ar fáil.

Faoi réir coinníollacha agus teorainneacha áirithe, foráiltear leis an Treoir CBL do dhíolúine[14] lena ngabhann in-asbhainteacht CBL ag an gcéim roimhe sin a bhaineann leis an allmhairiú earraí ag comhlachtaí Eorpacha (lena n-áirítear an Coimisiún) a bhfuil feidhm ag an bPrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh (PPI[15]) maidir leo agus a bhaineann leis an soláthar earraí agus seirbhísí do na comhlachtaí sin. Bunaithe ar léiriú faoi seach an Phrótacail, tá an díolúine sin teoranta go docht do cheannacháin arna ndéanamh lena n-úsáid oifigiúil ag an gcomhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh lena mbaineann. Ní bheadh feidhm aici maidir leis an gceannach earraí agus seirbhísí a mbeartaítear, mar shampla, iad a chur ar fáil saor in aisce do na Ballstáit nó do thríú páirtí amhail údarás náisiúnta sláinte nó ospidéal toisc nach meastar gur úsáid oifigiúil é sin. Is féidir le cásanna den sórt sin bheith an-tábhachtach nuair atáthar ag freagairt do ghéarchéimeanna, áfach, agus tá na díolúintí CBL is infheidhme faoi láthair neamhleor ina leith sin.

Maidir leis an togra ón gCoimisiún in 2018[16] le haghaidh an Treoir CBL a leasú a mhéid a bhaineann le rátaí CBL, ar togra é atá ar feitheamh os comhair na Comhairle, ní fhéadfadh sé

---

9 Cinneadh (AE) 2020/1101 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/491 maidir le faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí agus díolúine ó CBL ar allmhairiú arna ndeonú le haghaidh earraí is gá chun éifeachtaí ráig COVID-19 a chomhrac le linn 2020 (IO L 241, 27.7.2020, lch. 36).

10 Cinneadh (AE) 2020/1573 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/491 maidir le faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí agus díolúine ó CBL ar allmhairiú arna ndeonú le haghaidh earraí is gá chun éifeachtaí ráig COVID-19 a chomhrac le linn 2020 (IO L 359, 29.10.2020, lch. 8).

11 Treoir (AE) Uimh. 2020/2020 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le bearta sealadacha i ndáil le cáin bhreisluacha is infheidhme i leith vacsaíní COVID-19 agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 419, 11.12.2020, lch. 1).

12 Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta sealadacha i ndáil le cáin bhreisluacha ar vacsaíní COVID-19 agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (COM(2020) 688 final).

13 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1), arna leasú.

14 Airteagail 143(1)(fa) agus 151(1)(aa).

15 Prótacal (Uimh. 7) ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 1).

16 Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rátaí cánach breisluacha (COM(2018) 20 final an 18 Eanáir 2018).

a bheith ina réiteach sásúil maidir le CBL a bhaint de gach idirbheart a bhfuil an tionscnamh seo dírithe orthu. Má ghlacann an Chomhairle d'aon toil é, cheadófaí do na Ballstáit ráta laghdaithe, nó ráta nialasach[17], fiú, a ghearradh i leith soláthairtí áirithe, más rud é go dtéann soláthairtí den sórt sin chun tairbhe don tomhaltóir deiridh agus don tomhaltóir deiridh amháin agus go saothraítear cuspóir leasa ghinearálta leo. In aon chás, bheadh sé faoi rogha na mBallstát go fóill aon chóir fhabhrach CBL den sórt sin a chur i bhfeidhm.

Chun cabhrú leis na Ballstáit déileáil ar bhealach níos fearr le dúshláin na ré digití agus chun laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhaineann le húsáid a bhaint as an leagan páipéir den deimhniú díolúine dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011[18] ón gComhairle, go háirithe i gcás géarchéimeanna amhail paindéimí, ba cheart foirm leictreonach a thabhairt isteach. Is é cuspóir na foirme sin a dheimhniú go gcáilíonn an t-idirbheart don díolúine faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 151(1) den Treoir CBL. Faoi mar a rinneadh cheana féin faoi Airteagal 199b(4) den Treoir CBL, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú mionsonraí teicniúla na foirme sin, lena n-áirítear teachtaireacht choiteann leictreonach trína bhfuil an fhaisnéis le tarchur, a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Chomhar Riaracháin arna bhunú le hAirteagal 58 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010[19] ón gComhairle, agus an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[20] á chur i bhfeidhm.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Comhlánaítear leis an togra seo Cinneadh (AE) 2020/491 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2020 maidir le faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí agus díolúine CBL ar allmhairiú arna ndeonú le haghaidh earraí is gá chun éifeachtaí ráig COVID-19 a chomhrac le linn 2020, rud ar cuireadh síneadh leis go deireadh mhí Aibreán 2021. Comhlánaítear leis an togra seo freisin Treoir (AE) Uimh. 2020/2020 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le bearta sealadacha i ndáil le cáin bhreisluacha is infheidhme i leith vacsaíní COVID-19 agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Tá sé i gcomhréir freisin leis an togra ón gCoimisiún in 2018 le haghaidh an Treoir CBL a leasú a mhéid a bhaineann le rátaí CBL, ar togra é atá ar feitheamh os comhair na Comhairle.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach leis na tionscnaimh a rinneadh faoi bheartais an Aontais Eorpaigh amhail an tAontas Sláinte na hEorpa agus an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip. Tá sé comhsheasmhach go háirithe leis na tionscnaimh a thuairiscítear thíos.

---

17 Díolúine ó CBL lena ngabhann in-asbhainteacht CBL arna íoc ag an gcéim roimhe sin de shlabhra an tsoláthair.

18 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (athmhúnlaithe) (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).

19 Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).

20 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

An 14 Aibreán 2020, ghníomhachtaigh an Chomhairle an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ITÉ[21]), rud lena gcabhraítear leis na Ballstáit freagairt do phaindéim COVID-19 trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha ar bhealach straitéiseach comhordaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

An 2 Meitheamh 2020, mhol an Coimisiún[22] athruithe spriocdhírithe ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[23], ar athruithe iad lena gcuirfí ar chumas an Aontais agus na mBallstát bheith níos ullmhaithe do ghéarchéimeanna amach anseo agus freagairt go tapa agus go héifeachtach dóibh, go háirithe iad sin a bhfuil ardtionchar acu mar gheall ar an gcur isteach féideartha ar ár ngeilleagair agus ár sochaithe, mar atá le feiceáil go han-soiléir le linn éigeandáil COVID-19. Is é an cuspóir foriomlán atá leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta comhar a neartú idir na Ballstáit den Aontas Eorpach agus na sé Stát rannpháirteacha[24] i réimse na cosanta sibhialta d'fhonn feabhas a chur ar chosc tubaistí agus ar an ullmhacht agus an fhreagairt dóibh. Nuair a fhaigheann scála na héigeandála an ceann is fearr ar na hinniúlachtaí freagartha atá ag tír, féadfaidh an tír cúnamh a iarraidh tríd an Sásra. Tríd an Sásra, imríonn an Coimisiún ról lárnach maidir le comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt do thubaistí san Eoraip agus níos faide i gcéin agus déanann sé ranníocaíocht i leith 75 % ar a laghad de na costais iompair agus/nó oibríochtúla a bhaineann le himscaradh. Tá Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha[25] an Choimisiúin ag croílár an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus comhordaíonn sé an obair chun cúnamh a thabhairt do thíortha atá buailte ag tubaistí, amhail míreanna faoisimh, saineolas, foirne cosanta sibhialta agus saintrealamh.

San aitheasc ar Staid an Aontais 2020 an 16 Meán Fómhair 2020, leag Uachtarán an Choimisiúin béim ar an ngá atá ann le ceachtanna a fhoghlaim ón ngéarchéim atá ann faoi láthair agus le hAontas Sláinte na hEorpa a thógáil. Ar aon dul leis sin, leag sí na príomhthionscnaimh chomhfhreagracha do 2021 amach i Litir Intinne[26] chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus chuig Uachtaránacht na Comhairle. Is é atá sna tionscnaimh sin freisin tograí reachtacha a bhfuil mar aidhm leo Gníomhaireacht Taighde agus Forbartha Bithleighis Eorpach nua a bhunú, sainordú na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí agus an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú a leathnú agus spás sonraí sláinte Eorpach a bhunú.

Sa Chlár Oibre uaidh do 2021[27], leag an Coimisiún béim ar an ngá atá ann le neartú a dhéanamh ar ár n-ullmhacht do ghéarchéimeanna agus ar an dóigh a mbainistímid bagairtí sláinte trasteorann, agus dheimhnigh sé go bhfuil sé in am Aontas Sláinte na hEorpa níos láidre a thógáil. Is é atá sa Chlár Oibre tograí reachtacha chun treisiú le creat an Aontais Eorpaigh le haghaidh bagairtí sláinte tromchúiseacha trasteorann a bhrath agus le haghaidh freagairt do na bagairtí sin agus chun róil na ngníomhaireachtaí atá ann cheana a neartú. Cumhdófar le tionscnaimh eile togra chun gníomhaireacht a bhunú le haghaidh ardtaighde

---

21 Rialachán (AE) 2020/521 ón gComhairle an 14 Aibreán 2020 lena ngníomhachtaítear an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369, agus lena leasaítear na forálacha lena mbaineann agus ráig COVID-19 á cur san áireamh (IO L 117, 15.4.2020, lch. 3).

22 Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (COM(2020) 220 final).

23 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

24 An Íoslainn, an Iorua, an tSeirbia, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, agus an Tuirc.

25 https://ec.europa.eu/echo/what/civil-protection/emergency-response-coordination-centre-ercc_en

26 https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/state_of_the_union_2020_letter_of_intent_en.pdf

27 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 – Aontas beoga i ndomhan leochaileach (COM(2020) 690 final)

agus ardfhorbairt bithleighis, straitéis chógaisíochta nua lena n-áiritheofar gur féidir le saoránaigh brath ar chógais leighis atá sábháilte, inacmhainne agus ar ardchaighdeán, agus spás sonraí sláinte Eorpach le haghaidh leas a bhaint as sonraí chun feabhas a chur ar chúram sláinte, ar thaighde agus ar cheapadh beartas chun tairbhe d'othair.

I mí an Mhárta 2021, glacadh an Clár nua le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health')[28], rud a bhfuil mar aidhm leis córais sláinte a dhéanamh níos athléimní chun gur féidir leo déileáil le bagairtí sláinte trasteorann amhail COVID-19 agus feabhas a chur ar an gcumas chun géarchéimeanna a bhainistiú. Toradh eile a bheidh ar an gclár is ea go mbainfear Aontas Sláinte na hEorpa amach trí infheistiú i gcúram ailse, in ullmhacht níos fearr do phaindéimí, san fháil ar chógais leighis agus sa nuálaíocht agus go neartófar an tsláinte dhigiteach agus cosc galar.

Sa Teachtaireacht uaidh an 11 Samhain 2020[29], leag an Coimisiún amach na chéad bhunchlocha le haghaidh Aontas Sláinte na hEorpa. Bhí trí thogra reachtacha ag gabháil leis an Teachtaireacht: Rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chur in ionad Chinneadh 1082/2013/AE[30] agus an sainordú atá ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú[31] agus ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach[32] a neartú.

Leis an tionscnamh nua de chuid Aontas Sláinte na hEorpa, moltar go neartófaí na struchtúir agus na sásraí atá ann cheana chun feabhas a chur ar an gcosaint ar ghuaiseacha do shláinte an duine, ar chosc na nguaiseacha sin agus ar an ullmhacht agus ar an bhfreagairt dóibh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Moltar leis go dtreiseofaí an creat le haghaidh comhar trasteorann in aghaidh gach bagartha sláinte chun saol daoine a chosaint ar bhealach níos fearr, chun an margadh inmheánach a chumhdach agus chun na caighdeáin is airde a chothabháil maidir le cearta an duine agus saoirsí sibhialta a chosaint. Neartaítear leis freisin an ról atá ag an Aontas Eorpach i gcomhordú agus comhar idirnáisiúnta chun bagairtí sláinte trasteorann a chosc agus a rialú agus chun feabhas a chur ar an tslándáil sláinte ar fud an domhain.

I gcomhthéacs Aontas Sláinte na hEorpa nua, d'fhógair an Coimisiún freisin togra reachtach le haghaidh an tÚdarás Práinnfhreagartha Sláinte a bhunú, ar togra é atá le cur i láthair roimh dheireadh 2021.

---

28 Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

29 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Aontas Sláinte na hEorpa a Thógáil: Treisiú le hathléimneacht an Aontais Eorpaigh i leith bagairtí sláinte trasteorann (COM(2020) 724 final).

30 Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

31 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (COM(2020) 726 final).

32 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú i leith géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis (COM(2020) 725 final).

Sa Teachtaireacht uaidh an 25 Samhain 2020[33], chuir an Coimisiún Straitéis Chógaisíochta nua don Eoraip chun tosaigh, rud ina gcuirtear i láthair gníomhartha nithiúla chun inrochtaineacht, infhaighteacht agus inacmhainne cógas leighis a áirithiú. Tacóidh siad sin le slabhraí soláthair atá éagsúlaithe agus slán, agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais Eorpaigh ar domhan á áirithiú, agus cuirfidh siad táirgí cógaisíochta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun cinn. Aidhm eile atá leis an straitéis is ea feabhas a chur ar an ullmhacht do ghéarchéimeanna agus ar shásraí freagartha.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbíonn ról níos tábhachtaí i gcónaí á imirt ag gníomhaireachtaí de chuid an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo maidir le cuspóirí na dtionscnamh réamhluaite agus cuspóirí tionscnamh eile amach anseo a shaothrú. Dá bhrí sin, ba cheart soláthairtí arna ndéanamh chuig na gníomhaireachtaí nó na comhlachtaí sin nó allmhairí arna ndéanamh acu a chumhdach freisin sa togra reachtach seo.

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in 1995[34] agus is é an misean atá aici sármhaitheas eolaíoch a chothú maidir le meastóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chógais leighis, chun tairbhe don tsláinte phoiblí agus do shláinte ainmhithe. Déanfar an sainordú atá aici a threisiú i gcomhthéacs Aontas Sláinte na hEorpa nua chun go n-áireofar leis faireachán agus maolú a dhéanamh ar ghanntanais fhéideartha cógas leighis criticiúil agus feistí leighis criticiúla, comhairle eolaíoch a sholáthar maidir le cógais leighis a bhfuil an acmhainneacht acu galair is cúis le géarchéimeanna a chóireáil, a chosc nó a dhiagnóisiú, staidéir chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht agus sábháilteacht vacsaíní a chomhordú, agus trialacha cliniciúla a chomhordú.

Bunaíodh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú in 2005[35] agus is é an misean atá aige sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar bhagairtí ar shláinte an duine atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn de bharr galair thógálacha agus na bagairtí sin a chur in iúl. Cumhdófar sa sainordú a bheidh aige amach anseo faireachas (fíor-ama) eipidéimeolaíoch, pleanáil ullmhachta agus freagartha, tuairisciú agus iniúchóireacht, moltaí agus roghanna neamhcheangailteacha a sholáthar le haghaidh bainistíocht riosca, an cumas chun Tascfhórsa Sláinte an Aontais a shlógadh agus a imscaradh chun cabhrú le freagairt áitiúil sna Ballstáit, agus forbairt a dhéanamh ar líonra saotharlann tagartha an Aontais agus ar líonra le haghaidh substaintí de bhunús daonna.

Is é an misean a bheidh ag an Údarás Práinnfhreagartha Sláinte a bheidh ann amach anseo cur ar chumas an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát na bearta leighis is ardfhorbartha agus bearta eile a chur i bhfeidhm go mear i gcás éigeandáil sláinte tríd an slabhra luacha ar fad a chumhdach idir ceapadh agus dáileadh agus úsáid[36].

---

33 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis Chógaisíochta don Eoraip (COM(2020) 761 final).

34 Rialachán (CEE) Uimh. 2309/93 ón gComhairle an 22 Iúil 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte atá lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 214, 24.8.1993, lch. 1).

35 Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (IO L 142, 30.4.2004, lch. 1)

36 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Aontas Sláinte na hEorpa a Thógáil: Treisiú le hathléimneacht an Aontais Eorpaigh i leith bagairtí sláinte trasteorann (COM(2020) 724 final).

Cuireadh roinnt soláthairtí comhpháirteacha[37] i gcrích cheana féin, nó tá sé beartaithe iad a chur i gcrích le linn 2020/2021, ar soláthairtí iad lena gcumhdaítear na hearraí atá riachtanach chun déileáil le paindéim COVID-19 amhail trealamh cosanta pearsanta, aerálaithe, trealamh saotharlainne, ábhar vacsaínithe, mearthástálacha antaiginí agus táirgí teiripeacha (e.g. Remdesivir). Faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, rinne an Coimisiún maisc, táirgí teiripeacha agus tástálacha a sholáthar go díreach lena ndeonú do na Ballstáit.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra. Foráiltear leis an Airteagal sin go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, forálacha a ghlacadh le haghaidh comhchuibhiú a dhéanamh ar rialacha na mBallstát i réimse na cánach indírí.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní fhéadfar gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ach amháin más rud é nach féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach leo féin agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Leis an Treoir CBL atá ann faoi láthair, cuirtear cosc ar na Ballstáit díolúine ghinearálta ó CBL a chur i bhfeidhm maidir leis an allmhairiú earraí ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht AE, agus maidir leis an soláthar earraí agus seirbhísí don Choimisiún nó do ghníomhaireacht nó comhlacht AE, chun tacú le bearta arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar mhaithe le leas an phobail agus chun na bearta sin a éascú. Tá tionscnamh reachtach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun an Treoir a leasú ar an mbealach is éifeachtúla chun feidhmiú na mbeart sin a áirithiú trí dheireadh iomlán a chur le CBL mar fhachtóir costais agus tríd an ualach breise a ghabhann le costais ghaolmhara chomhlíonta a bhaint.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach agus tá sé comhréireach chun an cuspóir atá beartaithe a ghnóthú. Leis an tionscnamh, díolmhaítear ó CBL an t-allmhairiú earraí agus an soláthar earraí agus seirbhísí a fhaigheann an Coimisiún nó gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais le linn dóibh sainordú arna thabhairt dóibh le dlí an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe chun bearta a ullmhú in aghaidh géarchéimeanna agus tubaistí. Mar gheall ar an tionchar is féidir le géarchéimeanna nó tubaistí amhail paindéim COVID-19 a bheith acu ar gheilleagair na mBallstát, tá na bearta atá beartaithe comhréireach i bhfianaise an tionchair bhuiséadaigh a bheidh acu ar Bhallstáit áirithe mar thoradh ar an díolúine ó CBL.

- **An rogha ionstraime**

Tá Treoir ag teastáil chun an Treoir CBL atá ann faoi láthair a leasú.

[37] Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar a phráinní atá an tionscnamh seo atá á chur i láthair i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, is amhlaidh nach ndearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ina thaobh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí ar an staid eipidéimeolaíoch chomh maith le fianaise eolaíoch ábhartha atá ar fáil maidir le paindéim COVID-19 atá ar siúl faoi láthair agus maidir leis na himpleachtaí atá aici do dhúshláin inchomparáide amach anseo.

- **Measúnú tionchair**

Mar gheall ar a phráinní atá an tionscnamh seo atá á chur i láthair i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, is amhlaidh nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair ar leith ina thaobh.

- **Cearta bunúsacha**

Éascófar bearta de chuid an Aontais go mór leis an togra seo, go háirithe maidir le cosaint na sláinte. Ceann amháin de chearta bunúsacha an duine is ea an ceart chun dea-shláinte. Tá an togra comhsheasmhach le hAirteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina sonraítear go ndéanfar ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais. Thairis sin, tá sé comhsheasmhach le hAirteagal 35 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, ina sonraítear go bhfuil ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus chun tairbhiú den chóireáil leighis faoi na coinníollacha atá bunaithe le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leis an togra, bainfear CBL mar fhachtóir costais le haghaidh chláir AE. Leis an mbuiséad céanna, cuirfear ar chumas an Aontais níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach, ar earraí nó seirbhísí iad a bheartaítear, mar shampla, a dháileadh saor in aisce ar Bhallstát, ar údarás náisiúnta sláinte nó ar ospidéal.

Trí dhíolúine nua ó CBL a thabhairt isteach leis an togra, d'fhéadfadh go dtiocfadh laghdú ar an ioncam CBL arna bhailiú ag na Ballstáit agus, dá bhrí sin, ar an acmhainn dhílis atá bunaithe ar CBL. Cé nach mbeidh aon impleachtaí diúltacha ann do bhuiséad AE, toisc go gcúitíonn an acmhainn dhílis atá bunaithe ar ollioncam náisiúnta aon chaiteachas nach gcumhdaítear le hacmhainní dílse traidisiúnta agus an acmhainn dhílis atá bunaithe ar CBL, ba ghá do na Ballstáit na hacmhainní dílse atá bunaithe ar CBL neamhbhailithe ó Bhallstáit áirithe a chúiteamh tríd an acmhainn dhílis atá bunaithe ar ollioncam náisiúnta. Mar sin féin, ós rud é gur beag atá an méid reatha earraí agus seirbhísí a cheannaíonn institiúidí de chuid an Aontais agus atá faoi réir CBL (i gcomparáid leis an ngeilleagar foriomlán), is dócha go mbeidh an éifeacht sin ríbheag.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní cheanglaítear leis an togra aon Doiciméid Mhíniúcháin maidir le trasuí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá sé mar aidhm le pointí 1 agus 2(a) d'Airteagal 1 an Treoir CBL a leasú trí dhíolúine ó CBL a thabhairt isteach le haghaidh an allmhairithe earraí (pointe nua (fb) in Airteagal 143(1)) ag an gCoimisiún Eorpach nó ag gníomhaireacht nó comhlacht arna bunú nó arna bhunú faoi dhlí an Aontais i gcás ina bhfaigheann an Coimisiún nó aon ghníomhaireacht nó aon chomhlacht den sórt sin na hearraí nó na seirbhísí sin le linn dóibh sainordú arna thabhairt dóibh le dlí an Aontais a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail, nó le haghaidh an tsoláthair earraí nó sheirbhísí (pointe nua (ab) in Airteagal 151(1)) don Choimisiún nó d'aon ghníomhaireacht nó aon chomhlacht den sórt sin.

Tá sé mar aidhm le pointe 2(b) d'Airteagal 1 an Coimisiún a chumhachtú deimhniú díolúine a sholáthar, ar deimhniú é lena ndeimhnítear go leictreonach go gcáilíonn an t-idirbheart don díolúine faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 151(1) den Treoir CBL. Ba cheart an fhoirm leictreonach sin a chur i bhfeidhm chun cur ar chumas na mBallstát déileáil ar bhealach níos fearr le dúshláin na ré digití agus laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhaineann le húsáid a bhaint as an leagan páipéir den fhoirm, go háirithe i gcás géarchéimeanna amhail paindéimí. Ba cheart an fhoirm leictreonach a ghlacadh i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Chomhar Riaracháin arna bhunú le hAirteagal 58 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle[38], agus an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[39] á chur i bhfeidhm.

Leis an togra, dá bhrí sin, tacófar le bearta arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais ar mhaithe le leas an phobail trí dheireadh a chur le méideanna CBL a éiríonn ina bhfachtóir costais agus leis an ualach gaolmhar comhlíonta agus éascófar na bearta sin. Maidir leis na hidirbhearta a chumhdaítear leis an togra seo, níl siad teoranta ar dhóigh ar bith do na 'gníomhaíochtaí ar mhaithe le leas an phobail' dá dtagraítear faoi Theideal IX, Caibidil 2, den Treoir CBL.

Cé go bhfuil sé mar aidhm leis an tionscnamh seo na bearta arna ndéanamh i réimsí éagsúla beartais a éascú, tá géarghá ar leith ann leis an tionscnamh i bhfianaise phaindéim COVID-19 atá ar siúl faoi láthair. Is ar bun cheana féin atá bearta áirithe a thagann faoin raon feidhme a bheartaítear leis an tionscnamh seo. Chun an leas is mó a ghabhann leo a chumhdach, ba cheart do na Ballstáit an díolúine ó CBL a thugtar isteach leis an togra a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach maidir le bearta arna ndéanamh ón 1 Eanáir 2021.

[38] Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).

[39] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

2021/0097 (CNS)

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, i leith bearta Aontais atá ar mhaithe le leas an phobail

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle[3], tá díolmhú ó cháin bhreisluacha (CBL) le tabhairt ag na Ballstáit ar an allmhairiú earraí ag an Aontas Eorpach, ag an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag an mBanc Eorpach Infheistíochta nó ag na comhlachtaí arna mbunú ag an Aontas Eorpach agus a bhfuil feidhm ag an bPrótacal (Uimh. 7) ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh (‘an Prótacal’), atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir leo, laistigh de theorainneacha an Phrótacail agus de réir choinníollacha an Phrótacail agus na gcomhaontuithe chun é a chur chun feidhme nó de réir na gcomhaontuithe ceanncheathrún, a mhéid nach dtiocfaidh saobhadh ar an iomaíocht mar gheall air, agus tá díolmhú ó cháin bhreisluacha le tabhairt ag na Ballstáit ar an soláthar earraí nó seirbhísí do na hinstitiúidí nó na comhlachtaí sin. Tá an díolúine sin teoranta go docht do cheannacháin arna ndéanamh lena n-úsáid oifigiúil, áfach, agus níl feidhm aici maidir le cásanna ina gceannaíonn comhlachtaí an Aontais earraí agus seirbhísí ar mhaithe le leas an phobail, go háirithe i gcás ina bhfuil siad le cur ar fáil saor in aisce do na Ballstáit nó do thríú páirtithe amhail údaráis náisiúnta nó institiúidí náisiúnta.

(2) Bunaithe ar an taithí a gnóthaíodh le linn phaindéim COVID-19, tá géarghá ann le bearta a ghlacadh chun go mbeifear réidh le gníomhú nuair a bheifear ag déileáil le cásanna inchomparáide amach anseo. Chun gníomhaíocht den sórt sin a chumasú, is gá díolúine leathan ó CBL a thabhairt isteach le haghaidh fáil earraí agus seirbhísí ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht arna bunú nó arna bhunú faoi dhlí an Aontais le linn dóibh sainordú arna thabhairt dóibh le dlí an Aontais a

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .
[3] Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail. Tá díolúine den sórt sin ina réamhriachtanas go háirithe chun go mbeifear in ann soláthar a dhéanamh ar na réitigh is gá chun bearta comhordaithe bainistíochta géarchéime a éascú ar leibhéal an Aontais. D'áireofaí léi gurbh amhlaidh, maidir leis na bearta atá le déanamh faoi na tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais, nach gcuirfí bac orthu de bharr na méideanna CBL atá le bailiú ná de bharr an ualaigh ghaolmhair chomhlíonta arna fhorchur ar sholáthraithe na n-earraí nó na seirbhísí a theastaíonn. Maidir leis na hidirbhearta a chumhdaítear leis an díolúine a thugtar isteach leis an togra seo, ní bheidh siad teoranta ar dhóigh ar bith do na 'gníomhaíochtaí ar mhaithe le leas an phobail' dá dtagraítear faoi Theideal IX, Caibidil 2, de Threoir 2006/112/CE.

(3) Tá deimhniú díolúine i bhfeidhm cheana féin, rud a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle[4] agus lena ndeimhnítear gurb amhlaidh, maidir le soláthar earraí nó seirbhísí do chomhlacht incháilithe nó do dhuine aonair incháilithe, go gcáilíonn sé don díolúine faoi Airteagal 151 de Threoir 2006/112/CE. Maidir leis an gCoimisiún nó le gníomhaireacht nó comhlacht arna bunú nó arna bhunú faoi dhlí an Aontais agus atá ag fáil na n-earraí agus na seirbhísí a bhfuil feidhm ag an díolúine nua ó CBL maidir leo, ba cheart ceangal a chur orthu deimhniú a thabhairt dá soláthraithe lena ndeimhnítear go gcáilíonn an t-idirbheart lena mbaineann do dhíolúine. Chun eisiúint agus tarchur a éascú, ba cheart an deimhniú sin a bheith ina dheimhniú leictreonach. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh Airteagal 151(1) de Threoir 2006/112/CE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith na mionsonraí teicniúla le haghaidh ábhar agus eisiúint an deimhnithe díolúine agus i leith na sonraíochtaí i dtaca leis an teachtaireacht leictreonach trína bhfuil an fhaisnéis atá sa deimhniú le tarchur. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2006/112/CE a leasú dá réir.

(5) I bhfianaise phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair, is ar bun cheana féin atá roinnt beart a d'fhéadfadh teacht faoi na díolúintí sin. Chun an leas is fearr a bhaint as buiséad an Aontais ar mhaithe le leas an phobail, ba cheart feidhm a bheith ag na díolúintí a thugtar isteach leis an Treoir seo ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2006/112/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 143(1), cuirtear an pointe (fb) seo a leanas isteach:

'(fb) an t-allmhairiú earraí ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht arna bunú nó arna bhunú faoi dhlí an Aontais i gcás ina bhfaigheann an Coimisiún nó aon ghníomhaireacht nó aon chomhlacht den sórt sin na hearraí

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (athmhúnlaithe) (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).

[5] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

nó na seirbhísí sin le linn dóibh sainordú arna thabhairt dóibh le dlí an Aontais a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail;';

(2) Leasaítear Airteagal 151(1) mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an pointe (ab) seo a leanas isteach:

'(ab) an soláthar earraí nó seirbhísí don Choimisiún nó do ghníomhaireacht nó comhlacht arna bunú nó arna bhunú faoi dhlí an Aontais i gcás ina bhfaigheann an Coimisiún nó aon ghníomhaireacht nó aon chomhlacht den sórt sin na hearraí nó na seirbhísí sin le linn dóibh sainordú arna thabhairt dóibh le dlí an Aontais a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail;';

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Bunófar deimhniú díolúine, rud lena ndeimhnítear go gcáilíonn an t-idirbheart don díolúine faoin gcéad fhomhír den mhír seo. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na mionsonraí teicniúla maidir le hábhar agus eisiúint an deimhnithe díolúine agus na sonraíochtaí i dtaca leis an teachtaireacht leictreonach trína bhfuil an fhaisnéis atá sa deimhniú le tarchur. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus, chun na críche sin, is é a bheidh sa choiste an coiste arna bhunú le hAirteagal 58 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle.'.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Aibreán 2021 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach bonn.

Cuirfidh siad na bearta i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí chun tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aici ón 1 Eanáir 2021.

Airteagal 4

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/112/CE ón gComhairle le haghaidh deireadh a chur leis an gcostas CBL ar bhearta Aontais atá ar mhaithe le leas an phobail.

2. LÍNTE BUISÉID

2021

Caibidil 13, Airteagal 130

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana 2021: 17 967 491 250 €

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS

Tá tionchar airgeadais ag an Togra ar chaiteachas agus ar ioncam araon – tá an éifeacht mar a leanas:

Líne buiséid	Ioncam *Tionchar ar acmhainní dílse*	Tréimhse: 01/01/2021 go dtí an 31/12/2021 (€ milliún go dtí an chéad deachúil)
Coigiltí i gcaiteachas an Choimisiúin ar mhéideanna CBL (a d'fhéadfadh a bheith ar línte buiséid an-difriúil)		- 110.00
Airteagal 130 Caibidil 13		1.65
Iomlán		**- 108.35**

Maidir leis an díolúine nua ó CBL a thugtar isteach leis an togra seo, tá sí teoranta d'allmhairí earraí arna ndéanamh ag an gCoimisiún nó ag gníomhaireacht nó comhlacht eile arna bunú nó arna bhunú faoi dhlí an Aontais agus tá sí teoranta do sholáthairtí earraí agus seirbhísí arna ndéanamh don Choimisiún nó do ghníomhaireacht nó comhlacht eile arna bunú nó arna bhunú faoi dhlí an Aontais agus níl sí ar oscailt d'allmhairí ná ceannacháin arna ndéanamh ag oibreoirí tráchtála.

Tá sé mar chuspóir leis an togra na méideanna CBL a bhaint de chaiteachais bhuiséid an Choimisiúin nó de chaiteachais bhuiséid aon ghníomhaireachta nó aon chomhlachta eile arna

bunú nó arna bhunú faoi dhlí an Aontais. Bainfidh sé sin go príomha le soláthairtí earraí nó seirbhísí a mbeartaítear iad a thabhairt saor in aisce (a dheonú) do na Ballstáit nó do thríú páirtithe. Ar mhaithe le simpliú agus de bharr nach bhfuil sonraí ar fáil faoi na méideanna iarbhír CBL arna n-íoc ó bhuiséid AE, measadh na coigiltí buiséid do 2021 trí fhéachaint siar ar bhuiséad 2020 le haghaidh na hIonstraime Tacaíochta Éigeandála, rud a bhí cothrom le EUR 3 450 milliún. Baineadh an buiséad EUR 2 900 milliún le haghaidh na hionstraime vacsaíní ón bhfigiúr sin toisc go ndearnadh na hidirbhearta sin leis na Ballstáit go díreach (agus ní leis an gCoimisiún).

Ar an mbonn sin, is ionann agus **EUR 550 milliún** an luach measta iomlán a bheidh ar allmhairí agus soláthairtí na n-earraí agus na seirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí ‘ceannaigh agus deonaigh’ a chumhdaítear leis an togra don tréimhse. Meastar an méid CBL arna choigilt ar chaiteachais bhuiséid trí úsáid a bhaint as ráta cánach measta 20 % agus, dá bharr sin, is ionann é agus EUR 110 milliún.

Meastar gurb ionann agus EUR 1.65 milliún an éifeacht ar bhuiséad an Aontais a bheidh ag an laghdú san acmhainn dhílis atá bunaithe ar CBL, agus ráta aonfhoirmeach an ghlao (0.30 %) á chur san áireamh.

Cé go raibh an chuid is mó de na caiteachais sin faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála díolmhaithe ó CBL dáiríre le Cinneadh (AE) 2020/491 (allmhairí ábhar sláinte) agus le Treoir (AE) Uimh. 2020/2020 ón gComhairle (rátáil nialasach tástálacha), is féidir le gníomhaíochtaí ‘ceannaigh agus deonaigh’ bheith i gceist le haon earra nó seirbhís sa todhchaí, a bheag nó a mhór, agus tá na gníomhartha dlí thuasluaite de chineál sealadach. Tá sé réasúnach, dá bhrí sin, méid iomlán na hIonstraime Tacaíochta Éigeandála (lúide an chuid a bhaineann le vacsaíní) a ghlacadh mar thoimhde.

4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Cuimsítear sa Chinneadh forálacha lena gcuirtear ceangal ar údaráis na mBallstát téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an togra a chur in iúl don Choimisiún.